**Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún**

**an 19 Eanáir 2022**

**lena ndiúltaítear dá dhlínse de réir bhrí Airteagail 1 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle** [1]

**(Cás C.1887 — Mediaset — Airteagal 265 Cuireadh chun Gníomhaithe)**

*(ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 307)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)(Is é an leagan Béarla an t-aon leagan barántúil)**

(2023/C 23/03)

(1) An 19 Samhain 2021, fuair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") cuireadh chun gníomhaithe ("Cuireadh chun Gníomhaithe") ó MFE – MEDIAFOREUROPE N.V., Mediaset N.V., ("Mediaset", an Ísiltír) roimhe seo, de bhun Airteagal 265 CFAE, ag iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh an bhfuil dlínse aige athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú atá beartaithe maidir le Télévision Française 1 S.A. ("TF1", an Fhrainc) agus Métropole Télévision S.A. ("M6", an Fhrainc) ("Idirbheart").

## 1. NA PÁIRTITHE AGUS AN TIDIRBHEART

(2) Tá TF1 faoi urlámhas aonair ag Bouygues S.A. ("Bouygues") amháin, a bhfuil leas 43.7 % aige in TF1. Tá Bouygues gníomhach san earnáil tógála, san earnáil teileachumarsáide agus in earnáil na meán. Is é soláthar mórdhíola bealaí teilifíse príomhghníomhaíocht TF1, go díreach nó trína fhochuideachtaí. Oibríonn TF1 gníomhaíochtaí eile freisin a bhaineann lena phríomhghníomhaíocht mar chraoltóir teilifíse, lena n-áirítear ábhar closamhairc agus cineamatagrafach a tháirgeadh, cearta closamhairc a fháil, spás fógraíochta a mhargú, DVDanna agus dlúthdhioscaí ceoil a chur in eagar agus a dháileadh, táirgí díorthaithe aeróige a fhorbairt agus seirbhísí digiteacha agus idirghníomhacha a fhorbairt.

(3) Tá M6 faoi urlámhas aonair ag RTL Group S.A. ("RTL") amháin, ag a bhfuil rannpháirtíocht 48.26 % in M6 agus atá, dá réir sin, faoi urlámhas aonair ag Bertelsmann SE & Co. KGaA ("Bertelsmann") amháin, ag a bhfuil rannpháirtíocht 76.28 % in RTL. Is é soláthar mórdhíola bealaí teilifíse príomhghníomhaíocht M6, go díreach nó trína fhochuideachtaí. Ina theannta sin, oibríonn M6 sraith gníomhaíochtaí atá nasctha lena phríomhghníomhaíocht mar chraoltóir teilifíse lena n-áirítear ábhar closamhairc agus cineamatagrafach a léiriú, cearta closamhairc a fháil, spás fógraíochta a mhargú, DVDanna agus dlúthdhioscaí ceoil a chur in eagar agus a dháileadh, táirgí díorthaithe aeróige a fhorbairt agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt. Ar deireadh, rialaíonn M6 an grúpa raidió RTL France, a bhfuil roinnt ceadúnas aige chun cláir raidió a chraoladh sa Fhrainc agus forbraíonn sé gníomhaíochtaí éagsúla atá nasctha le hoibriú na seirbhísí raidió seo.

(4) [Tuairisc ar an Idirbheart]. Tar éis an Idirbhirt, beidh Bouygues i seilbh thart ar 30 % de chaipiteal an Eintitis Chumaiscthe, agus beidh Bertelsmann, trí RTL, i seilbh thart ar 16 % de chaipiteal an Eintitis Chumaiscthe.

## 2. FÍRICÍ AGUS NÓS IMEACHTA

(5) An 17 Bealtaine 2021, d'fhógair TF1, M6, Bouygues agus RTL comhaontú a bheith sínithe acu chun dul i mbun idirbheartaíochtaí eisiacha chun gníomhaíochtaí TF1 agus M6 a chumasc. An 17 Bealtaine 2021, shínigh Bouygues agus RTL dhá Mheabhrán Tuisceana. Leanadh na Meabhráin Tuisceana seo an 8 Iúil 2021 nuair a síníodh Creat-Chomhaontú idir Bouygues agus RTL agus Comhaontú maidir le Comhcheangal Gnó idir TF1 agus M6 ("Comhaontuithe"). Ina theannta sin chomhaontaigh Bouygues agus RTL maidir le dréacht-chomhaontú scairshealbhóirí a bheidh le déanamh ar dhúnadh an Idirbhirt ("SHA").

[1] IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc"). Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, tá athruithe áirithe tugtha isteach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), amhail "Aontas" a chur in ionad "Comhphobal" agus "margadh inmheánach" a chur in ionad "cómhargadh". Bainfear úsáid as téarmeolaíocht CFAE sa chinneadh seo.

(6) An 29 Deireadh Fómhair 2021, sheol Údarás Iomaíochta na Fraince ("ADLC") ceistneoir chuig roinnt rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear Mediaset, inar lorgaíodh a dtuairimí faoin Idirbheart. I réamhrá an cheistneora, tagraíonn ADLC don fhíric go mbaineann "[a]*n ceistneoir leis an gcumasc beartaithe idir TF1 agus* [M6]. *Is ag* [Bouygues] *atá urlámhas aonair an* [Eintitis Chumaiscthe]". Ina fhianaise sin, sonraítear le tabhairt isteach na tástála margaidh go bhfuil "[a]*n* [tIdirbheart] *faoi réir cheadú* [ADLC], *arb é an t-údarás riaracháin neamhspleách é atá freagrach as rialáil iomaíochta sa Fhrainc*".

(7) An 19 Samhain 2021, sheol Mediaset an Cuireadh chun Gníomhaithe chuig an gCoimisiún. Go háirithe, cuireann Mediaset in iúl, contrártha do chonclúid ADLC, go mbeidh an tEintiteas Cumaiscthe faoi chomhrialú ag Bouygues agus Bertelsmann agus dá bhrí sin go mbeidh gné a bhaineann leis an Aontas Eorpach san áireamh leis.

## 3. GNÉ A BHAINEANN LEIS AN AONTAS EORPACH

### 3.1. An cúlra dlí

(8) De réir bhrí Airteagal 4(1) den Rialachán um Chumaisc, tá dlínse eisiach ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chomhchruinnithe lena mbaineann gné Aontais. Leagtar síos le hAirteagal 1 den Rialachán um Chumaisc dhá shraith mhalartacha tairseach chun a chinneadh cé acu an mbaineann gné Aontais le comhchruinniú.

(9) De réir bhrí Airteagal 1(2) den Rialachán um Chumaisc, baineann gné Aontais le comhchruinniú i gcás (i) gur mó ná EUR 5 000 milliún láimhdeachas comhiomlán domhanda na ngnóthas uile lena mbaineann; agus (ii) gur mó ná EUR 250 milliún láimhdeachas comhiomlán uile-Aontais gach ceann de dhá cheann ar a laghad de na gnóthais lena mbaineann, mura sroicheann gach ceann de na gnóthais lena mbaineann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán san Aontas laistigh de Bhallstát amháin.

(10) Maidir le comhchruinniú nach gcomhlíonann na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 1(2) den Rialachán um Chumaisc, bainfidh gné Aontais leis de réir bhrí Airteagal 1(3) sna cásanna a leanas: (i) más láimhdeachas níos mó ná EUR 2 500 milliún atá i láimhdeachas domhanda comhiomlán comhcheangailte na ngnóthas uile lena mbaineann; (ii) más láimhdeachas níos mó ná EUR 100 milliún atá i láimhdeachas comhiomlán comhcheangailte na ngnóthas uile lena mbaineann i ngach ceann de thrí Bhallstát ar a laghad; (iii) i ngach ceann de na trí Bhallstát ar a laghad a áirítear chun críche phointe (ii), gur mó ná EUR 25 milliún láimhdeachas comhiomlán gach ceann de dhá ghnóthas ar a laghad lena mbaineann; agus (iv) más láimhdeachas níos mó ná EUR 100 milliún an ceann atá sa láimhdeachas comhiomlán ar fud an Chomhphobail in dhá ghnóthas ar a laghad lena mbaineann; ach amháin má ghnóthaíonn gach ceann de na gnóthais lena mbaineann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais laistigh den Bhallstát ceannann céanna.

(11) Chun dlínse a chinneadh, is iad na gnóthais lena mbaineann iad siúd atá rannpháirteach i gcomhchruinniú, i.e. cumasc nó rialú a fháil mar a fhoráiltear in Airteagal 3(1) den Rialachán um Chumaisc ([2]).

(12) I gcomhthéacs urlámhas aonair a fháil, is iad na gnóthais lena mbaineann an gnóthas fála agus an spriocghnóthas araon ([3]).

(13) I gcomhthéacs comhrialú a fháil ar chomhfhiontar nuachruthaithe i gcás ina rannchuidíonn gnóthas amháin le fochuideachta a bhí ann cheana nó le gnólacht ar fheidhmigh sé urlámhas aonair ina leith roimhe sin, is iad na gnóthais lena mbaineann gach ceann de na cuideachtaí a fhaigheann rialú ar an gcomhfhiontar nuabhunaithe. Sa chás seo, tá láimhdeachas na fochuideachta nó an ghnó a rinne an ranníocaíocht mar chuid de láimhdeachas na máthairchuideachta tosaigh ([4]).

([2]) Fógra Comhdhlúite maidir le dlínse an Choimisiúin faoin Rialachán um Chumaisc (IO C 95, 16.4.2008, lch. 1), mír 129 ("Fógra Dlínse Comhdhlúite").
([3]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 134.
([4]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 139.

3.2. **Láimhdeachas**

(14) In 2020, bhí láimhdeachas domhanda de EUR 34 700 milliún ag Bouygues, láimhdeachas de EUR [figiúr an láimhdeachais] milliún san Aontas agus láimhdeachas de EUR [figiúr an láimhdeachais] milliún sa Fhrainc ag Bouygues. Dá bhrí sin, baintear amach níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán san Aontas sa Fhrainc.

(15) In 2020, bhain Bertelsmann amach láimhdeachas domhanda de EUR 17 300 milliún, láimhdeachas de EUR [figiúr láimhdeachais] milliún san Aontas agus EUR [figiúr láimhdeachais] milliún sa Fhrainc. Dá bhrí sin, ní bhaineann Bertelsmann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán amach san Aontas sa Fhrainc.

(16) In 2020, bhain M6 láimhdeachas domhanda de EUR 1 274 milliún amach, láimhdeachas de EUR [figiúr láimhdeachais] milliún san Aontas agus láimhdeachas de EUR [figiúr láimhdeachais] milliún sa Fhrainc. Dá bhrí sin, baineann M6 amach níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán san Aontas sa Fhrainc.

(17) Tugann an Coimisiún dá aire go sáraítear na tairseacha atá leagtha síos in Airteagal 1(2)(a) agus (b) is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar láimhdeachais (i) Bouygues agus M6; nó, (ii) Bouygues agus Bertelsmann a chur san áireamh. Mar sin féin, trí láimhdeachas Bouygues agus M6 amháin a chur san áireamh, ní bhainfeadh gné Aontais maidir leis an Idirbheart, ós rud é go mbaineann Bouygues agus M6 amach níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas san Aontas sa Fhrainc. Agus láimhdeachas Bouygues agus Bertelsmann á gcur san áireamh, bhainfeadh gné Aontais maidir leis an Idirbheart, ós rud é nach mbaineann Bertelsmann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas amach san Aontas sa Fhrainc.

(18) Is gá, dá bhrí sin, a shocrú cad iad na gnóthais a mbaineann an tIdirbheart leo.

3.3. **Na gnóthais lena mbaineann an t-idirbheart**

(19) Measann ADLC agus Bouygues go mbeidh urlámhas aonair ag Bouygues ar an Eintiteas Cumaiscthe ([5]). Sa chás sin, is iad Bouygues agus M6 na gnóthais lena mbainfeadh agus ní bhainfeadh gné Aontais maidir leis an gcomhchruinniú.

(20) Ar mhalairt sin, áitíonn Mediaset go ndéanfaidh Bouygues agus Bertelsmann an tEintiteas Cumaiscthe a rialú i gcomhpháirt ([6]). Sa chás sin, is iad Bouygues agus Bertelsmann ([7]) na gnóthais lena mbainfeadh agus bhainfeadh gné Aontais maidir leis an gcomhchruinniú.

(21) Chun raon feidhme na ngnóthas lena mbaineann an tIdirbheart a chinneadh, is gá ar dtús cineál an rialaithe a fheidhmeofar ar an Eintiteas Cumaiscthe a chinneadh.

3.3.1. *Cineál an rialaithe ar an Eintiteas Cumaiscthe*

3.3.1.1. Réamhrá maidir le struchtúr rialachais an Eintitis Chumaiscthe

(22) Tar éis an Idirbhirt, beidh Bouygues i seilbh thart ar 30 % de chaipiteal an Eintitis Chumaiscthe, agus beidh Bertelsmann, trí RTL, i seilbh thart ar 16 % de chaipiteal an Eintitis Chumaiscthe.

(23) Maidir le cruinniú ginearálta an Eintitis Chumaiscthe ("Cruinniú Ginearálta"), foráiltear le hAirteagal 2.5 SHA go dtiocfaidh Bouygues agus Bertelsmann ar chomhaontú, roimh aon Chruinniú Ginearálta, maidir le comhsheasamh ar gach mír ar an gclár oibre. I gcás easaontais, beidh ar Bertelsmann, i bprionsabal, vóta a chaitheamh de réir threoir Bouygues.

([5]) Féach an anailís a rinne ADLC ar infheidhmeacht an Rialacháin um Chumaisc maidir le hIdirbheart an 3 Nollaig 2021, lch. 7 agus Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 7.

([6]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 2-5.

([7]) Lena n-áirítear M6.

(24) Dhá chomhalta dhéag a bheidh ar bhord stiúrthóirí an Eintitis Chumaiscthe ("Bord Stiúrthóirí"). Beidh sé de cheart ag cathaoirligh 4 stiúrthóir a cheapadh, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí ("POF"), ([8]) agus 2 stiúrthóir neamhspleácha a mholadh. Beidh sé de cheart ag Bertelsmann 2 stiúrthóir a cheapadh, lena n-áirítear Leas-Chathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí agus [an líon stiúrthóirí neamhspleácha a mholann Bertelsmann] a mholadh. I gcomhréir le hAirteagal 2.1.4 SHA, déantar cinntí an Bhoird Stiúrthóirí a ghlacadh le tromlach na vótaí arna gcaitheamh. I gcás comhionannais, beidh vóta réitigh ag POF. Foráiltear le hAirteagal 2.1.2 SHA go mbeidh ar Bouygues agus Bertelsmann teacht ar chomhaontú maidir le comhsheasamh ar gach mír ar chlár oibre an Bhoird Stiúrthóirí. I gcás easaontais, beidh ar Bertelsmann, i bprionsabal, vóta a chaitheamh de réir threoir Bouygues.

3.3.1.2. Argóintí Mediaset

(25) Measann Mediaset go ndéanfaidh Bouygues agus Bertelsmann rialú comhpháirteach ar an Eintiteas Cumaiscthe ar na cúiseanna seo a leanas.

(26) Ar dtús, cuireann Mediaset in iúl go dtiocfaidh struchtúr an Idirbhirt ar an gconclúid go mbeidh comhrialú ag Bouygues agus Bertelsmann ar an Eintiteas Cumaiscthe. Go háirithe, de réir Mediaset, ní bheidh Bouygues in ann urlámhas aonair a bheith aige ar an Eintiteas Cumaiscthe mar ní rialóidh sé ach 30 % de scairchaipiteal an Eintitis Chumaiscthe. Cuireann Mediaset in iúl go bhfuil, tar éis tabhairt chun críche an Idirbhirt, go ,beidh Bertelsmann (trí RTL) i seilbh 16 % de chaipiteal an Eintitis Chumaiscthe. Dá bhrí sin, beidh Bertelsmann ar an dara scairshealbhóir is mó den Eintiteas Cumaisc.

(27) Ar an dara dul síos, cuireann Mediaset in iúl go mbeidh Bertelsmann ina phríomhscairshealbhóir agus ina scairshealbhóir straitéiseach den Eintiteas Cumaiscthe. Measann Mediaset gur léir, go háirithe, ó agallamh a rinneadh le Thomas Rabe, Uachtarán agus Ard-Stiúrthóir (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin- "POF") Bertelsmann agus Olivier Roussat, Ard-Stiúrthóir ("AS") Bouygues, go measann Bouygues agus Bertelsmann gur comhpháirtithe fadtéarmacha iad, agus dearcadh comhroinnte acu ar na margaí ([9]). Léiríodh é sin i gcur i láthair d'infheisteoirí inar mhaígh TF1 agus M6 go mbeidh RTL fós ina scairshealbhóir straitéiseach fadtéarmach ([10]). De réir Mediaset, tá sé seo le feiceáil tuilleadh trí ghníomhaíocht chomhbheartaithe a chur chun feidhme de réir bhrí Airteagal L.233-10 de Chód Tráchtála na Fraince ([11]). Thairis sin, is léiriú é gníomhaíocht chomhbheartaithe den sórt sin a bheith ann a úsáideann ADLC chun measúnú a dhéanamh ar chineál an rialaithe a fheidhmíonn gnóthas amháin nó níos mó ar ghnóthas eile ([12]).

(28) Sa tríú háit, measann Mediaset go ndéanfar ionadaíocht shuntasach ar Bertelsmann i gcomhlachtaí rialachais an Eintitis Chumaiscthe ([13]). Tugann Mediaset dá aire gurb é an tUasal Nicolas de Tavernost, uachtarán reatha M6, a bheadh ar an gcéad POF ar an Eintiteas Cumaiscthe. Tugann Mediaset dá aire freisin nach gceadaíonn líon na stiúrthóirí a dheonaítear do Bouygues agus do Bertelsmann ina n-aonar (de réir Mediaset, ceithre agus dhá stiúrthóir faoi seach) do Bouygues ná do Bertelsmann gníomhú ina n-aonar, mar go mbeidh 12 stiúrthóir ar an mBord Stiúrthóirí ([14]).

(29) Ar deireadh, maíonn Mediaset gur chomhaontaigh Bouygues agus Bertelsmann comhstraitéis, mar a bhí infhíoraithe sa phreasráiteas agus i gcur i láthair infheisteoirí ([15]).

3.3.1.3. Argóintí ADLC agus Bouygues

(30) Measann ADLC agus Bouygues go bhfuil an tIdirbheart struchtúrtha ar bhealach a chinntíonn go bhfuil urlámhas aonair ag Bouygues ar an Eintiteas Cumaiscthe ([16]).

([8]) Is é Nicolas de Tavernost, Uachtarán reatha M6, an chéad POF ar an Eintiteas Chumaiscthe.
([9]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 3.
([10]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 3.
([11]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 3.
([12]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 3.
([13]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 3.
([14]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanaigh 3-4.
([15]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 4.
([16]) Féach an anailís ar infheidhmeacht an Rialacháin um Chumaisc maidir le hIdirbheart ADLC an 3 Nollaig 2021, lch. 7 agus an freagra a thug Bouygues ar iarraidh ón gCoimisiúin ar bharúlacha ("Barúlacha Bouygues"), Iarscríbhinn 1, leathanach 4.

(31) Maidir leis an gCruinniú Ginearálta, leag Bouygues béim air, de bhun Airteagal 2.5 SHA, go mbeidh ar Bouygues agus Bertelsmann dul i gcomhairle lena chéile roimh aon Chruinniú Ginearálta chun iarracht a dhéanamh comhsheasamh a shainiú ar gach mír ar an gclár oibre. I gcás easaontas idir Bouygues agus Bertelsmann, beidh an forlámhas ag an seasamh a mholann Bertelsmann agus beidh sé d'oibleagáid ar Bertelsmann vótáil i bhfabhar na gcinntí a bheidh á lorg ag Bouygues ([17]). Dá ndéanfaí anailís ar na rátaí rannpháirtíochta stairiúla i gCruinnithe Ginearálta TF1 agus M6, thiocfadh an chonclúid chun cinn go dtabharfadh comhchearta vótála Bouygues agus Bertelsmann tromlach *de facto* don dá ghnóthas ag na Cruinnithe Ginearálta.

(32) Maidir leis an mBord Stiúrthóirí, tugann Bouygues dá aire go bhforáiltear in Airteagal 2.1.1 SHA go mbeidh 12 chomhalta ar Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Chumaiscthe, a gceapfaidh Bouygues a leath acu sin, lena n-áirítear a chathaoirleach a mbeidh vóta réitigh aige ([18]).

(33) Mar an gcéanna le hullmhú na gCruinnithe Ginearálta, luann Bouygues go bhfuil sainorduithe SHA le haghaidh comhbheartaithe idir Bouygues agus Bertelsmann roimh aon chruinniú den Bhord Stiúrthóirí ([19]). I gcás easaontas idir Bouygues agus Bertelsmann, beidh an seasamh a mholann Bouygues i réim agus ní mór do Bertelsmann a vóta a ailíniú le vóta Bouygues ([20]). Ní fhéadfaidh Bertelsmann imeacht ó sheasamh Bouygues ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 2.1.2 SHA nach gceanglófar ar Bertelsmann seasamh Bouygues a leanúint má mheasann Bertelsmann nó má mheasann duine dá ionadaithe ar an mBord Stiúrthóirí go mbeadh an cinneadh mídhleathach nó go mbeadh sé ar neamhréir le leas corparáideach an Eintitis Chumaiscthe ([21]). Ina theannta sin, cuireann Bouygues in iúl go bhfuil liosta ábhar in Airteagal 2.1.4 nach gceanglófar ar Bertelsmann a vóta a ailíniú le seasamh Bouygues, ach níor cheart go mbainfeadh sé sin ach le cinntí eisceachtúla ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do luach an Eintitis Chumaiscthe agus atá ceaptha chun leasanna scairshealbhóra mhionlaigh a chosaint ([22]).

(34) Ar deireadh, maíonn Bouygues go beidh urlámhas aonair aige ar chinntí straitéiseacha uile an Eintitis Chumaiscthe, lena n-áirítear an plean gnó agus an buiséad, na hinfheistíochtaí agus ceapadh na mbainisteoirí. I ndáil leis sin, tugann Bouygues le fios go bhfuil na fíricí a bhfuil Mediaset ag brath orthu chun teacht ar an gconclúid go raibh comhstraitéis idir Bouygues agus Bertelsmann bunaithe ar phreasráitis nach bhfuil inneachar iomlán na gComhaontuithe agus SHA iontu ([23]).

3.3.1.4. Measúnú ón gCoimisiún

(A) An cúlra dlí

(35) Bunaítear san Fhógra Dlínse Comhdhlúite go bhfuil comhrialú i gceist nuair atá deis ag dhá ghnóthas nó níos mó nó ag beirt nó níos mó tionchar cinntitheach a imirt ar ghnóthas eile. Trí thionchar cinntitheach, is gnách go gciallaíonn an Coimisiún an chumhacht chun cinntí a bhlocáil lena gcinntear iompar straitéiseach tráchtála gnóthais. Dá bhrí sin, ní mór do ghnóthais a fhaigheann comhrialú ar ghnóthas eile teacht ar chomhthuiscint maidir le beartas tráchtála an chomhfhiontair a chinneadh agus ní mór dóibh comhoibriú lena chéile ([24]).

(36) Úsáideann an Coimisiún roinnt critéar chun comhrialú a chinneadh.

(37) Cé go bhféadfadh comhrialú a bheith ann i gcás ina bhfuil cearta vótála nó cearta ceapacháin comhionanna ag dhá ghnóthas i gcomhlachtaí cinnteoireachta, ní mheasann an Coimisiún gur coinníoll riachtanach é sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh rialú comhpháirteach a bheith ann fiú nuair nach bhfuil comhionannas idir an dá mháthairchuideachta maidir le vótaí nó maidir le hionadaíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina bhfuil cearta breise ag scairshealbhóirí mionlaigh a ligeann dóibh cinntí atá riachtanach d'iompar straitéiseach tráchtála an chomhfhiontair a chrosadh ([25]). De ghnáth, baineann cearta crosta a eascraíonn as comhrialú le cinntí ar shaincheisteanna mar an buiséad, an plean gnó, infheistíochtaí móra nó ceapadh bainistíochta sinsearaí.

([17]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 3.
([18]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 6.
([19]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 7.
([20]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 7.
([21]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 4.
([22]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanaigh 7-8.
([23]) Barúlacha Bouygues, Iarscríbhinn 1, leathanach 9.
([24]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 62.
([25]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 65.

(38) Ina theannta sin, measann an Coimisiún go bhféadfadh feidhmiú comhpháirteach na gceart vótála a bheith ina chúis le comhrialú. Dá bhrí sin, fiú d'uireasa cearta sonracha crosta, féadfaidh dhá ghnóthas nó níos mó a fhaigheann scairshealbha mionlaigh i ngnóthas eile comhrialú a fháil ([26]). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina soláthraíonn na scairshealbha mionlaigh le chéile an modh chun an spriocghnóthas a rialú. Féadfaidh comhbheartú den sórt sin a bheith mar thoradh ar chomhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí nó féadfar é a thaispeáint ar bhonn imthosca fíorasacha, go háirithe nuair atá leas coiteann láidir ann idir na scairshealbhóirí mionlaigh ([27]).

(39) Ar deireadh, cuireann an Coimisiún tosca eile san áireamh, lena n-áirítear vóta réitigh a bheith ann ([28]). Chun go mbeidh comhrialú ann, níor cheart go mbeadh vóta réitigh ann ach do mháthairchuideachta amháin mar go mbeadh rialú eisiach ag an gcuideachta a bhfuil an vóta réitigh aici mar thoradh air sin ([29]). D'fhéadfadh comhrialú a bheith ann, áfach, más rud é, sa chleachtas, go bhfuil ábharthacht agus éifeachtacht an vóta réitigh sin teoranta ([30]).

(B) Cearta crosta Bertelsmann san Eintiteas Cumaiscthe

(40) Mar a mhínítear i míreanna (22)-(24) thuas agus mura bhforáiltear a mhalairt, beidh ar Bertelsmann vótáil sa treo céanna le Bouygues ag cruinniú an Bhoird Stiúrthóirí agus ag an gCruinniú Ginearálta.

(41) In imthosca eisceachtúla, foráiltear le hAirteagal 2.1.4 SHA do shásra a chuireann ar chumas Bertelsmann […] vótáil i gcoinne togra le haghaidh líon áirithe ábhar ([31]). Measann an Coimisiún go bhfuil an sásra seo cosúil le ceart crosta Bertelsmann ar na hábhair seo. [Sonraí maidir le SHA] ([32]). Dá bhrí sin, beidh ceart crosta ag Bertelsmann ar na hábhair atá liostaithe in Airteagal 2.1.4 SHA.

(42) Ar an gcéad dul síos, tá liosta ábhar in Airteagal 2.1.4 SHA a mbeidh ceart crosta ag Bertelsmann ina leith ar bhonn eisceachtúil. Baineann sé sin go háirithe le leasú na n-airteagal comhlachais, ionadú iniúchóirí, aon athrú ar an mbeartas dáilte díbhinní, aon athrú ar na rialacha rialachais, aon mhéadú ar an scairchaipiteal, méadú suntasach ar an bhfiachas agus tiomantas an Eintitis Chumaiscthe d'aon ghnó nua nach dtagann faoi réim a chuspóirí. Maidir leis na cearta crosta sin, tugann an Coimisiún dá aire, i gcomhréir le mír 66 den Fhógra Dlínse Comhdhlúite, nach mbaineann na nithe sin le cinntí straitéiseacha an Eintitis Chumaiscthe. Baineann ceart crosta Bertelsmann le hábhair a bhaineann leis an Eintiteas Cumaiscthe a bheith ann agus, dá bhrí sin, ní féidir leis comhrialú a thabhairt dó ar an Eintiteas Cumaiscthe. Ina ionad sin, comhfhreagraíonn na cearta crosta sin do na cearta a dheonaítear de ghnáth do scairshealbhóirí mionlaigh chun a leasanna airgeadais a chosaint mar infheisteoirí sa chomhfhiontar.

(43) Le hAirteagal 2.1.4 SHA deonaítear cearta crosta do Bertelsmann i leith cineálacha áirithe infheistíochtaí. Coinneoidh Bertelsmann, go háirithe, an ceart gan togra Bouygues a leanúint le haghaidh (i) aon infheistíocht, díol nó fáltais scaireanna, gnólachtaí agus sócmhainní ar mhéid is mó ná EUR [méid na tairsí] in aghaidh an idirbhirt; (ii) aon chearta in ábhar closamhairc a sháraíonn EUR [méid na tairsí] in aghaidh an idirbhirt in aghaidh na bliana; (iii) aon socrú um dháileadh tráchtála níos mó ná EUR [méid na tairsí] in aghaidh an idirbhirt in aghaidh na bliana; (iv) aon chomhfhiontar nó aon chomhpháirtíocht, nó ráthaíocht eile, a chruthú ar mhéid is mó ná EUR [méid na tairsí]; agus aon tosú dlíthíochta maidir le méid is mó ná EUR [méid na tairsí]. Ina thaobh sin, tugann an Coimisiún dá aire nár sháraigh M6 riamh na tairseacha a leagtar amach in SHA agus nár sháraigh TF1 iad ach go heisceachtúil le linn na ndeich mbliana atá caite ([33]). Dá bhrí sin, ní thugtar le cearta crosta Bertelsmann cearta chun gnáthsheoladh gnó an Eintitis Chumaiscthe a chrosadh. I bhfianaise na méideanna atá socraithe, comhfhreagraíonn na cearta crosta sin do chearta lena gcosnaítear scairshealbhóirí mionlaigh de ghnáth.

([26]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 74.
([27]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, míreanna 74-76.
([28]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 82.
([29]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 82.
([30]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 82.
([31]) Ní bhaineann an oibleagáid seo leis na stiúrthóirí neamhspleácha a mholann Bouygues nó Bertelsmann.
([32]) Cód Tráchtála na Fraince, Airteagal L.225-37.
([33]) Deimhníonn Bouygues nár sháraigh TF1 na tairseacha seo ach trí huaire ó 2011, agus nár sháraigh M6 iad riamh. Ina theannta sin, mar fhreagra ar RFI 1, dhearbhaigh Bouygues, i gcás inarb ábhartha, nach sárófar na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 2.1.4 a thuilleadh mar thoradh ar chomhdhlúthú sonraí stairiúla idir grúpaí TF1 agus M6 (féach RFI 1, freagra ar cheist 2 agus an iarscríbhinn a ghabhann leis). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil na tairseacha ard go leor gan ceart crosta a thabhairt do Bertelsmann ar chinntí straitéiseacha an Eintitis Chumaiscthe.

(44) Dá bhrí sin, i bhfianaise a bhfuil luaite thuas, measann an Coimisiún nach bhfeidhmeoidh Bertelsmann comhrialú ar an Eintiteas Cumaiscthe i ngeall ar na cearta crosta a leagtar amach in Airteagal 2.1.4 SHA.

(45) Ceapfaidh Bouygues agus Bertelsmann an chéad POF ar an Eintiteas Cumaiscthe ([34]). Beidh sé ar dhuine den cheathrar comhaltaí ar an mBord Stiúrthóirí arna gceapadh ag Bouygues. Le linn na Tréimhse Glasála, ([35]) féadfaidh Bouygues, tar éis plé a dhéanamh le Bertelsmann ach an ceart a bheith ag Bertelsemann an cinneadh deiridh a chrosadh, POF an Eintitis Chumaiscthe a bhriseadh as an bpost. Maidir le POFanna amach anseo a cheapadh, beidh ar Bouygues liosta […] iarrthóirí […] a mholadh. Beidh Bertelsmann in ann duine de na hiarrthóirí ón liosta a chrosadh ([36]). Dá bhrí sin, beidh an focal scoir ag Bouygues maidir le rogha [an POF], ach amháin má mheasann Bertelsmann go bhfuil ábhar imní tromchúiseach eiticiúil ag baint leis an iarrthóir ([37]). […] ([38]). Mar thoradh air sin, le linn na Tréimhse Glasála agus ina diaidh, beidh an focal scoir ag Bouygues maidir le ceapachán agus dífhostú POF an Eintitis Chumaiscthe. Ní bheidh ach ceart crosta ag Bertelsmann ar […] agus ar iarrthóir a cheapadh a measann Bertelsmann go bhfuil ábhair imní thromchúiseacha eiticiúla ann ina leith. Ina theannta sin, ní bheidh aon chros ag Bertelsmann ar dhífhostú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Dá bhrí sin, tá cearta crosta Bertelsmann sa phróiseas chun POF an Eintitis Chumaiscthe a cheapadh cosúil le ceart comhairliúcháin, atá comhoiriúnach leis na cearta a thugtar de ghnáth chun leasanna scairshealbhóirí mionlaigh a chosaint. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go mbeidh Bouygues in ann an chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Eintiteas Cumaiscthe a bhriseadh as an bpost gan mhoill.

(46) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfeidhmeoidh Bertelsmann comhrialú ar an Eintiteas Cumaiscthe toisc é a bheith rannpháirteach i gceapadh agus in éirí as POF an Eintitis Chumaiscthe.

(47) Maidir leis an bplean gnó agus an buiséad, tugann an Coimisiún dá aire go mbunaítear le hAirteagal 2.2.1 SHA coiste iniúchóireachta a bheidh freagrach as an mbuiséad agus an plean gnó a ullmhú, ar a mbeidh stiúrthóir arna cheapadh ag Bouygues agus stiúrthóir arna cheapadh ag Bertelsmann ([39]). [Tiocfaidh Bouygues agus Bertelsmann ar chomhaontú faoin gcéad phlean gnó] ([40]). Ina theannta sin, ní mór do phleananna gnó amach anseo, nach féidir le Bertelsmann agóid a dhéanamh ina gcoinne ach amháin má mheasann sé go bhfuil siad ar neamhréir le leas corparáideach an Eintitis Chumaiscthe, ([41]) na spriocanna ioncaim, sineirgí agus infheistíochta a chomhaontaigh Bouygues agus Bertelsmann […] a urramú ([42]). Dá bhrí sin, [maidir le pleananna gnó a bheidh ann amach anseo, beidh Bouygues in ann a chinneadh ar an mBord Stiúrthóirí a chur i bhfeidhm mar gheall ar a vóta réitigh] ([43]). Is cinntí straitéiseacha de chuid an Eintitis Chumaiscthe iad na pleananna agus na buiséid ghnó seo a bheidh ann amach anseo.

(48) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfeidhmeoidh Bertelsmann comhrialú ar an Eintiteas Cumaiscthe mar gheall ar an sásra chun pleananna gnó agus buiséid ghnó amach anseo an Eintitis Chumaiscthe a phlé agus a ghlacadh.

(49) Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil cearta crosta ag Bertelsmann maidir le cinntí straitéiseacha an Eintitis Chumaiscthe.

(C) Comhfheidhmiú na gceart vótála

(50) Maidir leis na Cruinnithe Ginearálta, seachas na hábhair fhorchoimeádta dá dtagraítear in Airteagal 2.1.4 SHA (a phléitear in ailt (42)-(44) thuas), ní bheidh Bertelsmann in ann cur i gcoinne Bouygues.

([34]) SHA, Airteagal 2.3.
([35]) Foráiltear le hAirteagal 3.2 SHA, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, go mbeidh ar Bertelsmann a shealúchais san Eintiteas Cumaiscthe a choinneáil ar feadh [tréimhse sonraí] ("Tréimhse Ghlasála").
([36]) SHA, Airteagal 2.3.
([37]) SHA, Airteagal 2.1.2.
([38]) SHA, Airteagal 2.3.
([39]) SHA, Airteagal 2.2.1.
([40]) SHA, Airteagal 2.2.1. Ina theannta sin, ina fhreagra ar iarraidh faisnéise RFI 1, dhearbhaigh Bouygues go dtugann na Comhaontuithe an deis do Bouygues an plean gnó a leasú sa ghearrthéarma agus an chéad bhuiséad a chúlghairm (féach RFI 1, freagra ar cheist 5 (b)).
([41]) SHA, Airteagal 2.1.2.
([42]) SHA, Airteagal 2.2.1.
([43]) Féach thíos, mír (61).

(51) Maidir leis an mBord Stiúrthóirí, áfach, chomh maith leis na hábhair fhorchoimeádta a leagtar amach in Airteagal 2.1.4 SHA agus ceapachán POF an Eintitis Chumaiscthe (a phléitear in ailt (42)-(46) thuas), tá an ceart ag Bertelsmann agóid a dhéanamh i gcoinne aon chinnidh a mheasann Bertelsmann a bheith neamhdhleathach nó ar neamhréir le leas corparáideach an Eintitis Chumaiscthe (Airteagal 2.1.2 SHA).

(52) Níl an eisceacht ar leas corparáideach in Airteagal 2.1.2 SHA faoi réir coinníollacha ar leith. Mar sin féin, mar a mhíníonn Bouygues, (i) is gnách an eisceacht ar mhaithe le leas corparáideach agus níl sí sonrach don earnáil chlosamhairc; (ii) níl sé beartaithe í a chur i bhfeidhm ach amháin i ngéarstaideanna; (iii) ós rud é gurb é is cuspóir dó dliteanas pearsanta sibhialta agus/nó coiriúil na stiúrthóirí arna gceapadh ag Bertelsmann a sheachaint ([44]). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil an eisceacht ar leas corparáideach teoranta ina raon feidhme ábhartha.

(53) Luíonn sé le réasún nach mbeidh Bertelsmann in ann tionchar cinntitheach a imirt *de jure* ar an Eintiteas Cumaiscthe faoi théarmaí SHA. Mar sin féin, ní mór don Choimisiún a mheas an bhféadfaí feidhmiú comhpháirteach na gceart vótála a bheith ann freisin *de facto*.

(54) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil fios gnó ag Bertelsmann in earnáil an chlosamhairc a théann níos faide ná gníomhaíochtaí an Eintitis Chumaiscthe. Thairis sin, fiú mura féidir le Bertelsmann a sheasamh a fhorchur, beidh ar Bouygues agus Bertelsmann iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir le comhsheasamh vótála roimh gach cruinniú den Bhord Stiúrthóirí nó roimh thionól ginearálta an Eintitis Chumaiscthe. Ina fhianaise sin, féadfaidh Bouygues agus Bertelsmann iad féin a iompar mar eintiteas aonair i gcomhlachtaí cinnteoireachta an Eintitis Chumaiscthe. Ina theannta sin, leanfaidh an chéad POF ar an Eintiteas Cumaiscthe de roinnt ról a imirt laistigh de Bertelsmann ([45]).

(55) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil a chuid eolais féin ag Bouygues in earnáil an chlosamhairc agus nach mbeidh sé ag brath ar Bertelsmann ina leith sin. Ina theannta sin, ní bheidh caidreamh tráchtála suntasach ag Bertelsmann leis an Eintiteas Cumaiscthe ([46]). Ar deireadh, coinníonn Bouygues an ceart Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Eintitis Chumaiscthe a bhriseadh as an bpost gan a bheith in ann cur ina choinne.

(56) Fágann sé sin nach bhfuil aon fhianaise ann lena gcruthaítear go bhfuil leas coiteann láidir ann idir Bouygues agus Bertelsmann.

(57) In éagmais leasa choitinn den sórt sin, measann an Coimisiún gur gnách comhrialú *de facto* a eisiamh más féidir go dtiocfadh aistriú sna comhghuaillíochtaí idir scairshealbhóirí mionlaigh chun cinn. Sa chás sin, tugann an Coimisiún dá aire gur féidir go vótálfadh Bouygues agus scairshealbhóirí mionlaigh eile i dtreo atá bunoscionn le seasamh Bertelsmann, ar an mBord Stiúrthóirí agus ag an gCruinniú Ginearálta araon.

(58) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire, i gcás easaontas idir Bouygues agus Bertelsmann, nach gceanglaítear ar Bertelsmann a scairshealbha a choinneáil ach amháin le linn na Tréimhse Glasála ([fad na Tréimhse Glasála]). Ag deireadh na tréimhse sin, beidh Bertelsmann in ann a scaireanna a dhíol trí cheart réamhcheannaigh a thabhairt do Bouygues le haghaidh [méid na rannpháirtíochtaí] na scaireanna. Féadfar an chuid eile de na scaireanna a dhíol faoi shaoirse, [fad nach n-ardóidh rogha an cheannaitheora aon ábhar imní faoi chúrsaí iomaíochta]. Dá bhrí sin, i gcás easaontais, measann an Coimisiún nach ndéanfaí aon difear don Eintiteas Cumaiscthe a bheith ann.

(59) Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún de thátal as nach n-eascraíonn comhfheidhmiú *de facto* ar chearta vótála san Eintiteas Cumaiscthe as na Comhaontuithe agus as SHA.

(D) Vótáil réitigh a bheith ann

([44]) Féach RFI 1, freagra ar cheist 1.

([45]) Cuireadh chun Gníomhaithe, leathanach 3.

([46]) Ina fhreagra ar RFI 1, dhearbhaigh Bouygues go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh le caidreamh laistigh de ghrúpa idir M6 agus Bertelsmann (féach RFI 1, freagra ar cheist 4(b)). Tugann Bouygues le fios, áfach, go bhféadfadh an tEintiteas Cumaiscthe, mar aon ghnóthas eile, ábhar nó seirbhísí a fhoinsiú ó fhochuideachtaí Bertelsmann ar théarmaí margaidh.

(60) Ar aon nós, foráiltear le mír 82 den Fhógra Dlínse Comhdhlúite go gciallaíonn comhrialú a bheith ann nach dtugtar aon vóta réitigh do cheann de na máthairchuideachtaí, mar go mbeadh urlámhas aonair na cuideachta leis an vóta réitigh mar thoradh air sin.

(61) Sa chás seo, rialóidh Bouygues leath den Bhord Stiúrthóirí, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ([47]) a mbeidh vóta réitigh aige. Sa chiall sin, ní dhealraíonn sé gur gá vóta Bertelsmann chun seasamh Bouygues ar an mBord Stiúrthóirí a ghlacadh, mura nithe forchoimeádta iad de réir bhrí Airteagal 2.1.4 SHA (nach féidir comhrialú a dheonú). Mar an gcéanna, ag an gCruinniú Ginearálta, ní bheidh Bertelsmann in ann cur i gcoinne sheasamh Bouygues ach amháin maidir le hábhair fhorchoimeádta de réir bhrí Airteagal 2.1.4 SHA (nach féidir comhrialú a dheonú).

(62) Dá bhrí sin, mar thoradh ar vóta réitigh Bouygues, ní bheidh comhrialú ag Bertelsmann ar an Eintiteas Cumaiscthe.

(E) Urlámhas aonair ar an Eintiteas Cumaiscthe

(63) Mar a léirítear thuas, tugann an Coimisiún dá aire go mbeidh sé de chumhacht ag Bouygues leath de Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Chumaiscthe a cheapadh. Mar gheall ar fhorálacha Chód Tráchtála na Fraince, ([48]) beidh vóta réitigh ag POF an Eintitis Chumaiscthe, a cheapfaidh Bouygues, i gcás dúsháinne. Chuige sin, beidh Bouygues in ann a chinntí a fhorchur ar Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Chumaiscthe. Tugann an Coimisiún dá aire go dtugtar leis na cearta sin urlámhas aonair do Bouygues ar an Eintiteas Cumaiscthe.

(64) Ina theannta sin, de réir fhorálacha Airteagal 2.5 SHA agus cé is moite de na hábhair a fhorchoimeádtar de réir bhrí Airteagal 2.1.4 SHA (nach féidir comhrialú a dheonú), beidh ar Bertelsmann vótáil i dtreo Bouygues ag na Cruinnithe Ginearálta. Sa chiall seo, déanfaidh Bouygues rialú éifeachtach ar thart ar 46 % de na cearta vótála ag Cruinniú Ginearálta an Eintitis Chumaiscthe. De réir na staitisticí comhdhlúite stairiúla a chuir Bouygues i láthair, is ionann é sin agus níos mó ná leath na gceart vótála a léiríodh ag Cruinnithe Ginearálta ([49]). Mar thoradh air sin, tugann an Coimisiún dá aire go mbeidh urlámhas aonair *de facto* ag Bouygues ar an Eintiteas Cumaiscthe freisin. Léirítear sa tábla seo a leanas na staitisticí comhdhlúite, stairiúla ar an ráta rannpháirtíochta ag cruinnithe ginearálta TF1 agus M6 ó 2019 i leith.

*Tábla 1:*

**Staitisticí comhdhlúite stairiúla ar an ráta rannpháirtíochta ag cruinnithe ginearálta TF1 agus M6**

| Bliain | Ráta comhdhlúite rannpháirtíochta | Ráta measta scairshealbhaithe Bouygues | Scairshealbhú Bouygues i ndáil leis an ráta rannpháirtíochta comhdhlúite iomlán |
|---|---|---|---|
| 2021 | […]% | 46 % | [Níos mó ná leath]% |
| 2020 | […]% | 46 % | [Níos mó ná leath]% |
| 2019 | […]% | 46 % | [Níos mó ná leath]% |

*Foinse: Freagra Bouygues ar RFI 1, ceist 3*

([47]) Tá cinneadh déanta cheana ag Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, chun críocha an Rialacháin um Chumaisc, go dtabharfaidh ionadaithe neamhspleácha arna gceapadh ag scairshealbhóir aird ar dhearcadh an duine a cheapann iad (féach, breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 23 Feabhra 2006 i gCás T-282/02 *Cementbouw Handel & Industrie v An Coimisiún*, mír 74). Cheal fianaise dá mhalairt, measann an Coimisiún go ngníomhóidh an dá chomhalta neamhspleácha de Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Chumaiscthe arna gceapadh ag Bouygues i gcomhréir le leasanna Bouygues.

([48]) Cód Tráchtála na Fraince, Airteagal L.225-37.

([49]) Féach RFI 1, freagra ar cheist 3.

(65) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur ag Bouygues amháin a bheidh urlámhas aonair ar an Eintiteas Cumaiscthe, faoin dlí agus i bhfíorais araon.

(F) Conclúid maidir le cineál an rialaithe ar an Eintiteas Cumaiscthe

(66) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, measann an Coimisiún go rialóidh Bouygues an t-eintiteas cumaiscthe go heisiach.

3.3.2. *Conclúid maidir leis na gnóthais lena mbaineann an tIdirbheart*

(67) Measann an Coimisiún, mar gheall ar chineál eisiach rialú Bouygues ar an Eintiteas Cumaiscthe, gurb iad na gnóthais lena mbaineann an tIdirbheart ná Bouygues (TF1 san áireamh) mar ghnóthas fála agus M6 mar spriocghnóthas.

3.4. **Conclúid maidir leis an ngné den Idirbheart a bhaineann leis an Aontas Eorpach**

(68) Ós rud é go mbaineann Bouygues agus M6 araon níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas amach sa Fhrainc, measann an Coimisiún nach comhchruinniú é an tIdirbheart lena mbaineann gné Aontais.

## 4. **CONCLÚID**

(69) Níl dlínse ag an gCoimisiún maidir leis an Idirbheart a mheas.

(70) Tabharfar fógra faoin gCinneadh seo do Mediaset agus foilseofar é san Iris Oifigiúil, gan aon fhaisnéis rúnda ná rúin ghnó a áireamh.